# Ceisteanna Coitianta ar Dhréachtsonraíochtaí Churaclaim Bunscoile

Nuashonraithe 07/03/2024

## Réamhrá

Mar chuid den athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile, tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag tabhairt faoi chomhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí Churaclaim na Bunscoile sna réimsí seo a leanas:

- Oideachas Ealaíon
- Nuatheangacha Iasachta (MFL) i g*Curaclam Teanga na Bunscoile*
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht (ETI)
- Folláine

Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 6 Márta 2024 go dtí an 7 Meitheamh 2024.

Forbraíodh an chéad sraith de cheisteanna agus freagraí seo mar fhreagairt ar cheisteanna a cuireadh roimh an gcomhairliúchán. Ag tús na cáipéise tugtar ceisteanna a bhaineann leis na dréachtsonraíochtaí go léir, cuirtear ceisteanna níos sonraí ar fáil ina dhiaidh sin maidir leis na cúig dhréachtsonraíocht ar leith. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar na Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach.

**Achoimre ar Chomhairliúchán CNCM ar na Dréachtsonraíochtaí Curaclaim Bunscoile**

| | |
|---|---|
| **CÉ?** | • Ba mhaith le CNCM cloisteáil ó aon duine a bhfuil tuairimí acu i leith an oideachais bhunscoile agus speisialta, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, páistí agus páirtithe leasmhara eile. |
| **CÉARD?** | • **Dréachtsonraíochtaí Curaclaim** i réimsí na:<br>• Oideachas Ealaíon<br>• Nuatheangacha Iasachta (MFL) i g*Curaclam Teanga na Bunscoile*<br>• Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).<br>• Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETI)<br>• Folláine |
| **CÉN FÁTH?** | • Tugadh an curaclam reatha isteach 25 bliain ó shin in 1999. **Tá sochaí na hÉireann tar éis athrú go mór agus tá níos mó taighde againn maidir leis an mbealach is fearr a fhoghlaimíonn páistí agus cad is fiú dóibh a fhoghlaim.**<br>• Cabhróidh an t-aiseolas uilig a bhailítear le linn an chomhairliúcháin seo chun eolas a dhéanamh don tsonraíocht dheiridh do gach ceann de na cúig réimse curaclaim, a fhoilseofar i mí Lúnasa 2025. |
| **CATHAIN?** | • Beidh an comhairliúchán ar siúl ó **Mhárta go Meitheamh 2024.** |
| **CONAS?** | • Is féidir leat do thuairim a chur in iúl trí fhreastal ar fhócasghrúpaí ar an láthair agus ar líne, ceistneoirí ar líne a líonadh amach, aighneachtaí scríofa a ullmhú agus tuilleadh. Tá an t-eolas go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM **www.ncca.ie/primary.** |

# Ceisteanna Coitianta faoi Dhréachtsonraíochtaí Curaclaim na Bunscoile

## 1. Cén fáth a bhfuil athruithe á ndéanamh ar an gcuraclam?

Tá an curaclam bunscoile reatha 25 bliana d'aois. Nuair a foilsíodh in 1999 é, ba churaclam ceannródaíoch é a raibh bonn eolais aige ó thaighde forleathan. Mar sin féin, tá go leor athraithe inár ndomhan ó shin, agus thug taighde léargas tábhachtach ar na cineál eispéireas foghlama ar cheart do pháistí a bheith acu.

Tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann an páiste sula dtéann sé chuig an mbunscoil agus ina dhiaidh sin in Éirinn, mar thoradh ar dhá bhliain d'oideachas réamhscoile uilechoiteann, foilsiú *Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009) agus an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015). Leis na forbairtí seo, is tráthúil go bhforbraítear curaclam nuashonraithe chun ár bpáistí a ullmhú leis an t-eolas riachtanach, na scileanna, coincheapa, dearcthaí, luachanna agus meonta, agus muid á n-ullmhú don saol mar atá anois agus níos faide amach anseo san aonú haois is fiche.

## 2. Cad é mar a tharla na hathruithe ar an gcuraclam bunscoile?

Baineadh leas as Curaclam na Bunscoile, a foilsíodh i mí an Mhárta , 2023, chun forbairt na cúig dhréachtsonraíocht a threorú. Bhain próiseas cuimsitheach le forbairt gach dréachtsonraíochta, agus rinne réimse peirspictíochtaí eolas don fhorbairt seo, lena n-áirítear:

- Ag obair le Meithleacha Forbartha
- Leas a bhaint as taighde, m.sh. an staidéar ar *Shaol Scoile Páistí* agus Taighde ar *Litríocht an Chomhtháthaithe, na hOideolaíochta agus an Mheasúnaithe a fhí le chéile*
- Plé a dhéanamh ar thaighde coimisiúnaithe / athbhreithnithe litríochta do gach réimse curaclaim
- Éisteacht le tuairimí na bpáistí, mar shampla trí chomhairliúchán le páistí i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta, leis an Roinn Páistí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus páirtithe leasmhara eile.
- Bunú comhpháirtíochtaí le líonra scoileanna atá ag glacadh páirt i bhFóraim Scoileanna CNCM
- Rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara trí na seimineáir *Curaclam á Athshamhlú* agus *Leading Out*
- Comhoibriú a dhéanamh leis an bPainéal Comhairleach chun foghlaim óna dtaithí ar athruithe curaclaim i ndlínsí eile (féach an chuid Ag Tacú leis an Athrú de shuíomh gréasáin CNCM chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an ngné seo dár gcuid oibre).

## 3. Conas a bhaineann sé seo le *Creatchuraclam na Bunscoile?*

I gCreatchuraclam na Bunscoile, leagtar amach an cuspóir, an struchtúr agus an t-inneachar le haghaidh an churaclaim athfhorbartha sna bunscoileanna agus scoileanna speisialta uilig. Tarraingítear aird ann ar a bhfuil tábhachtach in oideachas na bunscoile agus an chúis atá leis sin; agus leagtar amach na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim an pháiste.

Tá cúig réimse curaclaim leathana leagtha amach sa Chreat:

1. Oideachas Ealaíon (Ealaín, Ceol agus Drámaíocht)
2. **Teanga** (Béarla, Gaeilge, agus nuatheanga iasachta ó chéim 3 ar aghaidh)
3. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
4. **Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair agus Tíreolaíocht)**
5. Folláine (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus Corpoideachas).



## 4. Cathain a bhfuiltear ag súil le go mbeidh scoileanna ag cur tús leis na cúig dhréachtsonraíocht churaclaim nua a chur i bhfeidhm?

Beidh Curaclam athfhorbartha na Bunscoile curtha i gcrích go luath in 2025. Cuirfidh CNCM an curaclam i láthair don Aire Oideachais le haghaidh a bhreathnaithe. Le faomhadh ón Aire, tabharfar an curaclam isteach sna bunscoileanna agus scoileanna speisialta uilig.

Tá plean do thabhairt isteach agus léiriú an churaclaim á cheapadh ag an Roinn Oideachais faoi láthair, agus tabharfar eolas do scoileanna faoi sula bhfoilsítear an curaclam nua.

## 5. Cén tacaíocht churaclaim a bheidh in éineacht leis an gcuraclam athfhorbartha?

Beidh ‘Uirlisí Úsáide’ le fáil i ngach ceann de na cúig dhréachtsonraíocht churaclaim, cosúil le *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile.* Beidh rochtain ar na huirlisí úsáide tríd an suíomh gréasáin Curaclam Ar Líne www.curriculumonline.ie.

## 6. An mbeidh forbairt ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí agus do scoileanna do na réimsí curaclaim nua seo?

Beidh. Ar mhaithe le tuiscint gach múinteora agus ceannaire scoile a fhorbairt ar an gcuraclam bunscoile athfhorbartha, cuirfidh seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais, Oide, réimse tacaíochtaí forbartha gairmiúla ar fáil. Tá samhail na forbartha gairmiúla á meas faoi láthair.

## 7. Conas mar a théitear i ngleic le ró-ualach curaclaim sa churaclam nua?

Ba cheist thábhachtach san obair forbartha é ró-ualach curaclaim, agus léirítear sna bearta seo a leanas:

- Tá laghdú suntasach ann ó 23 leabhar go 6 cháipéis níos gonta (timpeall 45 leathanach i ngach ceann), a íoslaghdaíonn cóipeáil agus athrá nach bhfuil gá leis.
- Cabhraíonn na dréachtsonraíochtaí le dul i ngleic le ró-ualach curaclaim trí úsáid na dTorthaí Foghlama leathana seachas cuspóirí ábhair an-mhionsonraithe, saintreorach.
- Cheadaigh an próiseas comhoibríoch trínar forbraíodh gach dréachtsonraíocht, naisc thar réimsí curaclaim a aithint.
- Cuireann gach sonraíocht soiléireacht ar fáil maidir le cuspóir churaclam na bunscoile trí ionchuimsiú na bPrionsabal agus na bPríomhinniúlachtaí.
- Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí a gcumas gníomhúcháin a chleachtadh, tugann an leithdháileadh solúbtha ama a thugtar laistigh de *Chreatchuraclam na Bunscoile* níos mó solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí ó thaobh cinneadh a dhéanamh cén chaoi is fearr lehúsáid a bhaint as am arfud an churaclaim.
- Baineann múinteoirí, mar ghairmithe oilte, gníomhaíocha, úsáid as a n-eolas ar an gcuraclam, ar an oideolaíocht, agus ar na páistí chun breitheanna a dhéanamh maidir le conas is fearr an curaclam a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacs scoile.

## 8. Conas a bheidh na múinteoirí ag obair leis na príomhinniúlachtaí agus iad ag ullmhú don fhoghlaim agus don teagasc?

Tacaíonn na seacht bpríomhinniúlacht laistigh de *Chreatchuraclam na Bunscoile* leis an bpáiste an t-eolas riachtanach, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na cuir chuige agus na luachanna a fhorbairt le haghaidh an tsaoil agus le haghaidh na foghlama.




Tá na príomhinniúlachtaí leabaithe i ngach réimse agus ábhar sa churaclam trí na Torthaí Foghlama. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí trí Thorthaí Foghlama an churaclaim seo, tógann siad agus forbraíonn siad na príomhinniúlachtaí.

### 9. Conas mar a chuireann na cúig dhréachtsonraíocht an comhtháthú chun cinn?

Tacaítear leis an gcomhtháthú trí eagrú an churaclaim ina chúig réimse leathana, agus aithnítear i ngach ceann de na cúig dhréachtsonraíocht, na deiseanna do mhúinteoirí agus do pháistí chun naisc a dhéanamh ina gcuid foghlama laistigh agus idir na réimsí curaclaim.

Tacaíonn úsáid na dTorthaí Foghlama comhtháite le múinteoirí chun eispéiris foghlama chomhtháite a chur ar fáil do pháistí. Agus na seacht bpríomhinniúlacht á leabú laistigh de na Torthaí Foghlama, cuirtear ar chumas na bpáistí tarraingt ar fhoinsí iomadúla eolais.

### 10. Conas atá na dréachtsonraíochtaí leagtha amach?

Tá an struchtúr céanna ag gach sonraíocht, mar a léirítear i *gCreatchuraclam na Bunscoile*.

| | |
|---|---|
| Caibidil 1: | Réamhrá |
| Caibidil 2: | Réasúnaíocht |
| Caibidil 3: | Aidhmeanna |
| Caibidil 4: | Snáitheanna agus Gnéithe |
| Caibidil 5: | Torthaí Foghlama |
| Caibidil 6: | An Curaclam i gCleachtas |
| Caibidil 7: | Uirlisí úsáide |
| Caibidil 8: | Gluais |

### 11. Céard é an nasc idir *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus na sonraíochtaí bunscoile nua? Ar cheart do mhúinteoirí i gCéim 1 *Aistear* a úsáid?

*Tá Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* dírithe ar earnálacha éagsúla, ach tá an t-ailíniú idir an dá chreat ríshoiléir, go háirithe i réimse na hoideolaíochta (lena n-áirítear súgradh). Is é *Aistear* an creatchuraclam do leanaí, naíonáin agus páistí óga (ó bhreith go sé bliana d'aois) i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá *Creatchuraclam na Bunscoile* do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Leagann gach ceann de na cúig dhréachtsonraíocht béim shoiléir ar chuir chuige spraíúla, ag léiriú dul chun cinn ó *Aistear*. Baineann na dréachtsonraíochtaí leas as fréamh an Toraidh Fhoghlama *'Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha'*, ag aithint tábhacht an tsúgartha agus na spraíúlachta i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

### 12. Conas mar a bheidh múinteoirí ag pleanáil agus eagrú a n-ullmhúcháin do na cúig réimse curaclaim laistigh den chomhthéacs *Chreatchuraclam na Bunscoile?*

Is é 'Ullmhúchán i gcomhair teagaisc agus foghlama' an téarma a úsáidtear anois chun an réimse gníomhaíochtaí a tharlaíonn roimh, i rith, agus i ndiaidh an teagaisc, a aithint. Seoladh anTreoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Foghlama agus Teagaisc in 2021, ag tabhairt tuisceana athnuaite ar an ullmhúchán. Leagtar béim sa treoir seo ar na trí ghné a bhfuil an méid céanna tábhachta ag baint leo maidir le hullmhú don fhoghlaim agus don teagasc - an t-ullmhúchán dofheicthe, sofheicthe, agus taifeadta. Ag baint úsáid as an treoir seo mar chreat, rachaidh múinteoirí i mbun ullmhúcháin don fhoghlaim agus don teagasc sa chúig réimse curaclaim.

### 13. An mbeidh treoirlínte breise ann don mheasúnú?

Moltar réimse cur chuige oideolaíochta le measúnú atá lárnach don fhoghlaim agus don teagasc i *gCreat Churaclam na Bunscoile*. Laistigh de na cúig dhréachtsonraíocht, leagtar amach réimse cur chuige i gCaibidil 6(c) atá oiriúnach nuair atá measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an pháiste sa réimse curaclaim ar leith sin. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil sna huirlisí úsáide atá á bhforbairt i ngach réimse curaclaim.

Is féidir le múinteoirí féachaint ar Treoirlínte Measúnaithe do Bhunscoileanna (2007) agus Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Foghlama agus Teagaisc (2021), agus cuir chuige mheasúnaithe á roghnú acu le húsáid chun léargas a fháil ar fhoghlaim agus/nó ar dhul chun cinn na bpáistí.

### 14. An mbeidh Clár an Phátrúin fós á mhúineadh ag scoileanna?

Beidh, mar aon leis na cúig réimse curaclaim atá oscailte do chomhairliúchán faoi láthair, beidh scoileanna fós ag obair le Clár an Phátrúin a bhaineann lena gcomhthéacs. Is é pátrún na scoile a

fhorbraíonn Clár an Phátrúin agus é mar aidhm leis rannchuidiú le forbairt iomlánaíoch an pháiste, go háirithe ón dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil, agus bíonn sé mar bhonn eolais agus mar thaca ag spiorad saintréitheach na scoile.

# Ceisteanna Coitianta faoi Dhréachtsonraíocht Oideachas Ealaíon na Bunscoile

## 1. Céard iad na hábhair Oideachas Ealaíon atá ann?

Is iad na hábhair Oideachas Ealaíon sa réimse curaclaim seo ná Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. Tá a fhoghlaim riachtanach féin, eolas agus coincheapa ag gach ceann de na hábhair seo, ar féidir iad a fhiosrú agus a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha ealaíne eile, lena n-áirítear an damhsa agus ealaíona na meán, i measc rudaí eile.

## 2. Cad iad roinnt de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?

- Rachaidh páistí i ngleic le réimse íomhánna, fuaimeanna, saothair ealaíne agus spreagthaí eile ó chomhthéacsanna agus ó thimpeallachtaí éagsúla a thacaíonn le foghlaim agus forbairt na bpáistí in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol, agus i bhfoirmeacha ealaíne eile lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán.
- Díreofar ar an bpróiseas agus ar an toradh déanta ealaíne araon san fhoghlaim.
- Rachaidh páistí i ngleic le déanamh ealaíne atá dúshlánach go cuí, mar chuid de phobal foghlaimeoirí. Beidh siad ina 'ndéantóirí ealaíne', 'déantóirí drámaí' agus 'déantóirí ceoil'.
- Leagtar béim sa dréachtsonraíocht ar an gcruthaitheacht, ar an súgradh, ar an gcomhtháthú, ar an bhfoghlaim trí na céadfaí agus tríd an gcorp, ag nascadh leis na healaíontóirí, an pobal agus na cultúir níos leithne

## 3. Céard é ról an chomhtháthaithe san Oideachas Ealaíon?

Is féidir teacht ar Thorthaí Foghlama comhtháite ar fud gach céime agus is féidir leo sin cur le foghlaim chomhtháite laistigh de na healaíona. Is féidir le comhtháthú teacht chun cinn *laistigh de* na healaíona agus *trí* na healaíona.

Cuimsítear le comhtháthú laistigh de na healaíona naisc a dhéanamh ar fud foirmeacha ealaíne, lena n-áirítear Ealaín, Ceol agus Drámaíocht, agus gan bheith teoranta dóibh. Cuimsítear le comhtháthú trí na healaíona smaointe a nascadh le chéile ar fud réimsí curaclaim.

## 4. An bhfuil deis ann do scoileanna comhoibriú a dhéanamh le páirtí/páirtithe seachtracha chun éascaíocht a dhéanamh ar roinnt gnéithe an oideachais ealaíon?

Is féidir le naisc idir na scoileanna agus an pobal ealaíon níos leithne foghlaim na bpáistí a shaibhriú agus a leathnú. Amanna, d'fhéadfadh na scoileanna a bheith ag oibriú i gcomhar le páirtí (bíodh sé sin le comhghleacaí sa scoil/scoil béal dorais, ealaíontóir, éascaitheoir seachtrach nó acmhainn dhigiteach) chun éascaíocht a dhéanamh ar fhoghlaim sna healaíona. I gcás ina mbíonn ionchuir, cláir, agus éascaitheoirí ann, coinníonn an múinteoir ranga ról lárnach agus gníomhach maidir le teagasc agus foghlaim. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo tacú le páistí, teagasc foirne agus a chinntiú go mbíonn naisc fhiúntacha le réamhfhoghlaim agus le foghlaim san am atá le teacht.

# Ceisteanna Coitianta maidir le Dréachtchuraclam Teanga na Bunscoile lena n-áirítear na Nuatheangacha Iasachta (NTI)

## 1. An bhfuil nuashonrú á dhéanamh ar Churaclam Teanga na Bunscoile (2019) chun na Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach i gCéimeanna a 3 agus a 4?

Tá. Tabharfar na Nuatheangacha Iasachta isteach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CTB).

Cuirfear Torthaí Foghlama nua a bhaineann go sonraíoch leis na Nuatheangacha Iasachta le Céim a 3 agus le Céim a 4. Déanfar Cuid 1 go Cuid 6 den CTB a nuashonrú chun tabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta a léiriú.

## 2. Cén chuma a bheidh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Nuatheangacha Iasachta i gCéim 3 (Rang a 3 agus a 4)?

- Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir

Déanfaidh an fhoghlaim ag an gcéim seo iniúchadh ar agus cuirfear leis an eolas atá ag na páistí cheana féin, an taithí atá acu ar theangacha chomh maith lena bhfeasacht ar theangacha, agus déanfar ceiliúradh ar an éagsúlacht teanga agus chultúir laistigh agus taobh amuigh den scoil.

## 3. Cén chuma a bheidh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Nuatheangacha Iasachta i gCéim 4 (Rang a 5 agus a Rang 6)?

- Ag cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir
- Inniúlacht Chumarsáideach sa T3

Coinneofar ag cur le feasacht na bpáistí ar theangacha agus ar chultúir sna Nuatheangacha Iasachta i gCéim 4. Chomh maith leis sin, beidh an fhoghlaim ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh sa tríú teanga (T3) ag bunleibhéal.

## 4. Cé a bheidh ag teagasc na Nuatheangacha Iasachta?

Forbraíodh na Dréacht-Torthaí Foghlama chun a chinntiú gur féidir leis an múinteoir ranga an Nuatheanga Iasachta a theagasc.

I gCéim a 3, coinneoidh an múinteoir air/uirthi ag forbairt na feasachta teanga agus na feasachta idirchultúrtha, trí theanga na scoile (an Béarla nó an Ghaeilge) agus trí leas a bhaint as teangacha uile an tseomra ranga agus na scoile.

I gCéim 4, leis an bhforbairt ghairmiúil chuí, múinfidh an múinteoir ranga an tríú teanga ar leibhéal bunúsach, le béim ar an gcumarsáid ó bhéal.

Cuirfidh an Roinn Oideachais comhairle níos sonraí ar fáil maidir leis na tacaíochtaí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus cur i bhfeidhm na Nuatheangacha Iasachta in am trátha.

# Ceisteanna Coitianta faoi Dhréachtsonraíocht Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta na Bunscoile

## 1. Cad iad roinnt de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?

Roimhe seo, bhíodh an Eolaíocht mar chuid den Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta. Anois, tá an Eolaíocht mar chuid den Teicneolaíocht agus Innealtóireacht agus Matamaitic, nó réimse curaclam ETIM, mar a thugtar air.
San Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht, foghlaimíonn na páistí faoin dúlra, ábhair, nithe beo, fuinneamh agus fórsaí, iarrachtaí a dhéanann an duine le rudaí a dhearadh agus a chruthú, agus faoin dul chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag athrú go tapa - a mbíonn tionchar acu ar fad ar ár saol laethúil.

## 2. Conas a bheidh na páistí ag foghlaim san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta?

Trí chur chuige a chuirtear chun cinn sa réimse curaclaim seo:

Is cur chuige ar leith é fiosrúchán eolaíochta a leagann béim ar rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí san eolaíocht.

Is próiseas praiticiúil é **Smaointeoireacht Dearaidh** atá bunaithe ar ghníomhú chun tacú le réiteach fadhbanna cruthaitheach agus nuálaíocht.

Tarraingíonn **Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil** ar phrionsabail na ríomhaireachta le smaoineamh a dhéanamh ar fhadhbanna agus iad a réiteach.

## 3. Conas a comhtháthófar Curaclam Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta agus an Curaclam Matamaitice nua?

Nuair a bheidh sé curtha i gcrích, beidh an tsonraíocht ar Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta ann in éineacht le Curaclam Matamaitice na Bunscoile, in aon cháipéis churaclaim amháin.
Tacaítear leis an gcomhtháthú tríd an méid a fhoghlaimíonn na páistí a chur i bhfeidhm ar iniúchtaí agus réiteach fadhbanna san fhíorshaol.

Sa dréachtsonraíocht, léirítear cur chuige i leith na foghlama comhtháite ETIM i gCaibidil 6d. Leagtar cúig chéim amach sa chur chuige seo, ar féidir le múinteoirí agus páistí a leanúint, agus tá treoir agus ceisteanna don fhoghlaim chomhtháite san áireamh.

# Ceisteanna Coitianta faoi Dhréachtsonraíocht Oideachais Shóisialta agus Imshaoil na Bunscoile

## 1. Céard iad na hábhair san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

Baineann Stair agus Tíreolaíocht leis an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Tá foghlaim na bpáistí sa réimse curaclaim seo comhtháite i gCéim 1 agus 2 agus roinntear isteach in ábhar na Staire agus ábhar na Tíreolaíochta iad i gCéim 3 agus 4.

## 2. Cad iad roinnt de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?

- Beidh na páistí ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe de réir mar a théann siad i ngleic leis an bhfiosrú agus leis an bhfoghlaim bunaithe ar thionscadal san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.
- Bíonn eispéiris foghlama na bpáistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil go hiomlán comhtháite i gCéim 1 agus 2 agus éiríonn sé níos éasca na hábhair a idirdhealú óna chéile ó Rang a Trí ar aghaidh.
- Foghlaimeoidh na páistí faoi reiligiúin, creidimh, agus cruinneshamhlacha mar chuid den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil.

## 3. Cad a bheidh á fhoghlaim ag páistí san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

Beidh na páistí ag foghlaim trí bheith *'Ag Obair mar Thíreolaí'* agus *'Ag Obair mar Staraí'*. Tacaíonn *'Ag Obair mar Thíreolaí'* agus *'Ag Obair mar Staraí'* le forbairt na gcoincheap agus na scileanna, lena n-áirítear:

| Coincheapa | Scileanna |
|---|---|
| Comhbhá | Ag baint úsáid as fianaise agus foinsí |
| Níos mó ná peirspictíocht amháin | Léirmhíniú agus anailísiú |
| | Measúnú agus cinnteoireacht |
| | Cumarsáid |
| | Ceisteanna a chur / Iniúchadh |
| Am agus cróineolaíocht | Smaointeoireacht stairiúil |
| Cúis agus éifeacht | Smaointeoireacht chróineolaíoch |
| Athrú agus leanúnachas | Fianaise stairiúil a úsáid |
| Braistint áite | Léarscáilíocht/Grafacht |
| Braistint spáis | Léirmhíniú fisiúil agus cumarsáid |
| Braistint Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta | |

## 4. Conas a bheidh na páistí ag foghlaim san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

- Téann páistí i ngleic leis an bhfiosrúchán, ag glacadh páirt in iniúchtaí, ag cur ceisteanna, ag cuimhneamh ar smaointe, ag cruthú agus/nó ag bailiú sonraí chun tuiscint a fhorbairt agus conclúidí a dhéanamh.
- Foghlaimeoidh páirtí trí agus ó scéal, ag tabhairt léargais ar shaol na ndaoine eile, na n-áiteanna, na gcultúr agus na dtraidisiún, mar a bhí agus mar atá.
- Cuirtear feabhas ar fhoghlaim na bpáistí trí thimpeallacht a chuireann iniúchadh spraíúil agus tarraingteach ar an domhan thart timpeall orthu chun cinn.
- Rachaidh páistí i ngleic go díreach leis an domhan thart timpeall orthu i gcomhthéacsanna an fhíorshaoil tríd an bhfoghlaim bunaithe ar áit.
- Rachaidh páistí i ngleic leis an oideolaíocht idirphlé, ina gcuirtear an chumarsáid oscailte, idirghníomhach, chómhalartach chun cinn, a bhfuil aistriú gníomhach smaointe, peirspictíochtaí agus eolais i gceist léi.
- Cuirfidh na páistí scileanna digiteacha i bhfeidhm trí úsáid réimse leathan foinsí agus feidhmchlár fuaime, amhairc, fíorúil, ar féidir leo cur go mór lena dtuiscint stairiúil agus tíreolaíoch.

# Ceisteanna Coitianta faoi Dhréachtsonraíocht Fholláine na Bunscoile

## 1. Céard iad na hábhair atá i réimse curaclaim na Folláine?

Tá Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i gceist leis an bhFolláine.

## 2. Cad iad roinnt de na príomhathruithe sa réimse seo ó 1999 i leith?

- Eagraítear an fhoghlaim san Fholláine thar cheithre Shnáithe: Oideachas Gluaiseachta, Oideachas Mothúchánach agus Caidreamhach, Oideachas Sláinte, chomh maith le hOideachas Pobail agus Muintearais.
- I gcéimeanna 1 agus 2, nuair is cuí, tacaíonn *Folláine* le cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus an teagaisc sa Chorpoideachas agus san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS).
- Do chéim 3 agus 4, roinntear na Torthaí Foghlama don Chorpoideachas agus don OSPS.
- Aithnítear tábhacht na litearthacht fisiciúla agus an chorpoideachais fhiúntaigh chun cabhrú le páistí meas a léiriú air, agus a aithint conas is féidir leis an gCorpoideachas feabhas a chur ar a gcaighdeán saoil.
- Is iad seo a leanas na réimsí foghlama nua; toiliú; éagsúlacht i struchtúir an teaghlaigh; folláine na meán agus digiteach; chomh maith le béim athnuaite ar an bhfoghlaim mhothúchánach agus choibhneasta sa Chorpoideachas agus san OSPS.
- Is ar na Torthaí Foghlama a dírítear go príomha sa Chorpoideachas, agus forbraítear iad seo trí shraith leathan, chothrom de réimsí gníomhaíochta an Chorpoideachais.

## 3. Céard is brí leis an téarma 'folláine'?

Aithnítear go dtéann forbairt fholláine na bpáistí níos faide ná aon réimse curaclaim ar leith, agus múnlaíonn réimse leathan tionchair eile í, laistigh de phobal agus de shochaí níos leithne. Is ann d'fholláine nuair a éiríonn le páistí barr a chumas a bhaint amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, má éiríonn leis déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus má mhothaíonn sé go bhfuil braistint chómhuintearais aige le pobal níos leithne.

Tá ról tábhachtach ag réimse curaclaim na Folláine i dtacú le foghlaim fhoirmiúil na bpáistí 'faoin' agus 'don' fholláine.

Mar aon leis an bhFolláine, leagtar béim sa phríomhinniúlacht 'a bheith folláin' ar an ról tábhachtach atá ag na réimsí curaclaim uile agus ag pobal na scoile uile i gcothú fholláine na bpáistí.

## 4. An bhfuil Oiliúint Uisce riachtanach?

Beidh tionchar ag an rochtain ar thimpeallacht uisceach oiriúnach, iompar agus infhaighteacht múinteoirí snámha atá cáilithe go cuí ar eagrúchán na hoiliúna uisce. Tá rochtain ar oiliúint uisce dúshlánach i gcás roinnt scoileanna, agus ba cheart gach iarracht a dhéanamh oiliúint uisce a sholáthar.

## 5. An mbeidh an Clár Bí Sábháilte (Stay Safe) á mhúineadh in OSPS?

Deirtear i gciorclán 0065/2011 go gcaithfidh gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a mhúineadh. Forbraíodh na Torthaí Foghlama san Fholláine le teacht leis an gclár Bí Sábháilte, agus ní mór an clár a mhúineadh fós.

## 6. Céard iad na príomhthopaicí a bheidh á múineadh san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)? Céard atá athraithe ón gcuraclam 1999?

Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam Folláine tuiscint chothrom, chuimsitheach, agus oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de a sholáthar do pháistí ar fhorbairt agus ar ghnéasacht an duine. Tá cothú dearcthaí agus caidrimh shláintiúla i gceist leis seo, agus ag an am céanna éagsúlacht

eispéireas an duine a aithint. Ag tógáil ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (2019), cuirtear réimsí foghlama nua san áireamh.  Mar shampla, toiliú, folláine dhigiteach, agus éagsúlacht na struchtúr teaghlaigh, chomh maith le béim athnuaite ar chaidrimh agus ar mhothúcháin.

Aithnítear sa dréachtsonraíocht go bhfuil go leor páistí ag tosú ar scoil agus iad níos sine, agus i roinnt cásanna, go bhfuil páistí ag dul tríd an gcaithreachas níos luaithe. Tacaíonn an curaclam le múinteoirí breitheanna gairmiúla a dhéanamh agus freastal ar riachtanais na bpáistí ina rang. Is féidir an fhoghlaim a bhaineann leis an gcaithreachas a mhúineadh de réir mar is cuí i gcéim 3 agus/nó 4.

**7. An múintear an curaclam OSPS céanna i ngach scoil?**

Múintear. Cé go leagfar amach na topaicí a bheidh le múineadh sa churaclam, beidh solúbthacht ag na múinteoirí cinneadh a dhéanamh maidir le conas agus cathain a mhúinfear na topaicí, lena n-áirítear na hacmhainní a bheidh á n-úsáid acu.

**8. Conas a chinntíonn CNCM go bhfuil an fhoghlaim san Fholláine oiriúnach ó thaobh aois agus forbartha de?**

Agus an curaclam á fhorbairt, caitear dua nach beag lena chinntiú go mbíonn an fhoghlaim aoisoiriúnach agus oiriúnach ó thaobh forbartha de. Is cuid lárnach de mhisean CNCM é a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus daoine eile. Bunaítear cinntí i dtaca le nithe a chuimsítear sa churaclam ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dhea-chleachtas, mar aon le comhairliúchán le páistí; plé agus cur agus cúiteamh Chomhairle CNCM, na mBord agus an Ghrúpa Fhorbartha Fholláine; agus obair lenár líonraí, lena n-áirítear an Fóram Scoileanna. Sa churaclam deiridh, cuirfear san áireamh an méid a chloisimid le linn ár gcomhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus páistí/daoine óga.